*Uimhir* 23 *de* 2022

# An tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 23 *de* 2022

# AN tACHT UM ÍOC PÁ (LEASÚ) (SÉISÍNÍ AGUS AISCÍ), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Mínithe
2. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht
3. Ailt 4A go 4F a chur isteach sa Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar an Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994
6. Leasú ar alt 27 d'Acht 2015
7. Leasú ar alt 36 d'Acht 2015
8. Leasú ar Sceideal 5 a ghabhann le hAcht 2015
9. Athbhreithniú ar oibriú an Achta
10. Gearrtheideal agus tosach feidhme

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25)

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 (Uimh. 5)

An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16)

*Uimhir* 23 *de* 2022

**AN tACHT UM ÍOC PÁ (LEASÚ) (SÉISÍNÍ AGUS AISCÍ), 2022**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do thabhairt tuilleadh cosanta d'fhostaithe i ndáil le híoc pá; do dhéanamh socrú chun déileáil le híocaíochtaí saorálacha áirithe a dhéantar le fostaithe agus le hoibrithe ar conradh nó a fhágtar d'fhostaithe agus d'oibrithe ar conradh; do dhéanamh socrú maidir le hoibleagáidí a bheith ar fhostóirí i ndáil le séisíní agus aiscí áirithe a dháileadh go cóir; do dhéanamh socrú maidir le hoibleagáidí a bheith ar fhostóirí agus ar dhaoine áirithe eile an pobal a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéileáiltear le séisíní agus le haiscí agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Íoc Pá, 1991, an Achta um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [20 *Iúil* 2022]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2015" an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015;

ciallaíonn "Aire" an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Íoc Pá, 1991.

**Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"tá le 'oibrí ar conradh' an bhrí a shanntar dó in alt 4F;

ciallaíonn 'muirear sainordaitheach' íocaíocht a fhorchuirtear go conarthach agus a n-eisítear admháil ina leith agus—

(a) a cheanglaítear ar chustaiméir a íoc chun earraí nó seirbhísí áirithe a fháil a sholáthraíonn fostóir, nó a sholáthraítear thar ceann fostóra, don chustaiméir, agus

(b) is iníoctha ag an gcustaiméir i dteannta méid is iníoctha as costas na n-earraí nó na seirbhísí sin;

ciallaíonn 'séisín nó aisce' íocaíocht—

(a) a dhéanann custaiméir le fostaí nó le grúpa fostaithe, nó a fhágann sé nó sí d'fhostaí nó do ghrúpa fostaithe, go saorálach, in imthosca inar dhóigh go mbainfeadh duine réasúnach an tátal astu go raibh sé beartaithe ag an gcustaiméir nó gur ghlac sé nó sí leis go gcoimeádfadh an fostaí an íocaíocht nó go roinnfí í le fostaithe eile, nó

(b) a dhéanann custaiméir go saorálach le fostóir, nó le duine a fhostaíonn oibrithe ar conradh, in imthosca inar dhóigh go mbainfeadh duine réasúnach an tátal astu go raibh sé beartaithe ag an gcustaiméir nó gur ghlac sé nó sí leis go ndáilfí an íocaíocht ar fhostaí, ar ghrúpa fostaithe nó ar oibrí ar conradh;",

agus

(b) sa mhíniú ar "pá"—

(i) i mír (v), trí "comhchineáil," a chur in ionad "comhchineáil.", agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur leis i ndiaidh mhír (v):

"(vi) aon íocaíocht ar mhodh séisíní nó aiscí.".

**Ailt 4A go 4F a chur isteach sa Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

**"Feidhm ailt 4B go 4F**

**4A.** (1) Féadfaidh an tAire, le rialachán, fostóir nó aicme fostóra lena mbaineann ailt 4B go 4E (a mhéid a bheidh siad i ngníomh) a fhorordú, agus beidh feidhm ag na hailt sin maidir le fostóirí nó le haicmí fostóirí a bheidh forordaithe amhlaidh.

(2) Féadfaidh an tAire, le rialachán, duine nó aicme duine (cibé acu is fostóir an duine sin nó nach ea) lena mbaineann alt 4F (a mhéid a bheidh sé i ngníomh) a fhorordú, agus beidh feidhm ag an alt sin maidir le daoine nó le haicmí duine a bheidh forordaithe amhlaidh.

(3) Le linn don Aire rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (1)—

(a) beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas:

(i) cibé acu atá nó nach bhfuil gnó á sheoladh sa Stát ag fostóirí lena mbaineann na rialacháin ar gnó é a mbíonn feidhm de ghnáth i ndáil leis ag íoc séisíní nó aiscí ag custaiméirí;

(ii) an tionchar is dóigh a bheadh ag rialacháin den sórt sin ar an bhfostaíocht, i gcoitinne nó san earnáil eacnamaíoch áirithe lena mbaineann na rialacháin;

(iii) an tionchar ar leas fostaithe mura mbeadh feidhm ag ailt 4B go 4E maidir lena bhfostóirí;

(iv) an gá atá ann custaiméirí de chuid fostóirí lena mbaineann na rialacháin a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéileálfar le séisíní nó aiscí, agus muirir shainordaitheacha, arna n-íoc;

(v) an gá atá ann go dtuigfidh fostaithe de chuid fostóirí lena mbaineann na rialacháin an chaoi a ndéileálfar le séisíní nó le haiscí;

(vi) na costais, lena n-áirítear costais riaracháin agus airgeadais, a ghabhann le feidhm a bheith ag ailt 4B go 4E maidir leis na fostóirí lena mbaineann na rialacháin,

(b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(i) le cibé eagraíochtaí a mheasfaidh an tAire a bheith ionadaitheach do na fostóirí lena mbaineann na rialacháin, nó do líon substaintiúil de na fostóirí sin, agus

(ii) le duine, le grúpa nó le heagraíocht a mheasfaidh an tAire a bheith ionadaitheach do líon substaintiúil fostaithe de chuid na bhfostóirí lena mbaineann na rialacháin,

agus

(c) féadfaidh sé nó sí—

(i) fostaithe de chuid fostóirí lena mbaineann na rialacháin, nó aicmí fostaithe den sórt sin, nach mbeidh feidhm ag na rialacháin maidir leo a shonrú, agus

(ii) dul i gcomhairle le cibé daoine (más ann), seachas daoine dá dtagraítear i mír (b), a mheasfaidh an tAire is cuí ag féachaint do na himthosca.

(4) Le linn don Aire rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (2)—

(a) beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas:

(i) cibé acu atá nó nach bhfuil gnó á sheoladh sa Stát ag daoine lena mbaineann na rialacháin ar gnó é a mbíonn feidhm de ghnáth i ndáil leis ag íoc séisíní nó aiscí ag custaiméirí;

(ii) an tionchar is dóigh a bheadh ag rialacháin den sórt sin ar an bhfostaíocht, i gcoitinne nó san earnáil eacnamaíoch áirithe lena mbaineann na rialacháin;

(iii) an tionchar ar leas oibrithe ar conradh mura mbeadh feidhm ag alt 4F maidir leis na daoine ar oibrithe ar conradh iad ina leith;

(iv) an gá atá ann custaiméirí de chuid daoine lena mbaineann na rialacháin a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéileálfar le séisíní nó aiscí, agus muirir shainordaitheacha, arna n-íoc;

(v) an gá atá ann go dtuigfidh oibrithe ar conradh de chuid daoine lena mbaineann na rialacháin an chaoi a ndéileálfaidh an duine le séisíní nó le haiscí;

(vi) na costais, lena n-áirítear costais riaracháin agus airgeadais, a ghabhann le feidhm a bheith ag alt 4F maidir leis na daoine lena mbaineann na rialacháin,

(b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(i) le cibé eagraíochtaí a mheasfaidh an tAire a bheith ionadaitheach do na daoine lena mbaineann na rialacháin, nó do líon substaintiúil de na daoine sin, agus

(ii) le duine, le grúpa nó le heagraíocht a mheasfaidh an tAire a bheith ionadaitheach do líon substaintiúil oibrithe ar conradh atá ag obair do na daoine sin,

agus

(c) féadfaidh sé nó sí—

(i) fostaithe de chuid daoine lena mbaineann na rialacháin, aicmí fostaithe den sórt sin nó oibrithe ar conradh i leith daoine den sórt sin, nach mbeidh feidhm ag na rialacháin maidir leo a shonrú, agus

(ii) dul i gcomhairle le cibé daoine (más ann), seachas daoine dá dtagraítear i mír (b), a mheasfaidh an tAire is cuí ag féachaint do na himthosca.

**Mar a dhéileálfar le séisíní agus aiscí áirithe**

**4B.** (1) Déanfaidh fostóir lena mbaineann an t-alt seo aon séisíní nó aiscí a gheobhaidh an fostóir ar mhodh íoca leictreonach a dháileadh ar a fhostaithe nó a fostaithe ar shlí atá cóir sna himthosca agus de réir an Achta seo.

(2) Faoi réir fho-alt (3), ní choinneoidh fostóir aon sciar de shéisíní nó d’aiscí a gheobhaidh an fostóir ar mhodh íoca leictreonach.

(3) Ní fhéadfaidh fostóir sciar de shéisíní nó d’aiscí a gheobhaidh an fostóir ar mhodh íoca leictreonach a choinneáil ach amháin—

(a) a mhéid a cheanglaítear nó a cheadaítear leis an Acht seo sciar a choinneáil amhlaidh, nó

(b) i gcás, maidir leis an bhfostóir sin—

(i) go ndéanann sé nó sí go rialta, go feadh méid substaintiúil, an obair chéanna a dhéanann cuid de na fostaithe nó na fostaithe go léir, agus

(ii) go gcoinníonn sé nó sí sciar de shéisíní nó d’aiscí a fhaightear ar mhodh íoca leictreonach nach mó ná méid atá cóir agus réasúnach sna himthosca ag féachaint do mhéid na hoibre sin a dhéanann an fostóir sin amhlaidh.

(4) Le linn breithniú a dhéanamh ar ghearán faoi Chuid 4 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 i dtaobh an dáileadh cóir é dáileadh séisíní nó aiscí faoi fho-alt (1) ar fhostaí nó nach ea, beidh aird ag

oifigeach breithniúcháin ar na tosca nó na himthosca go léir a mheasfaidh sé nó sí a bheith iomchuí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas—

(a) sinsearacht nó taithí an fhostaí,

(b) luach na ndíolachán, an ioncaim nó an teacht isteach arna nginiúint don ghnó ag an bhfostaí,

(c) an cion d'uaireanta an chloig nó an líon uaireanta an chloig a d'oibrigh an fostaí le linn na tréimhse pá ina ndearnadh an séisín nó an aisce,

(d) an bhfuil an fostaí ar conradh fostaíochta lánaimseartha nó páirtaimseartha,

(e) ról agus tionchar an fhostaí maidir le seirbhís a sholáthar do chustaiméirí,

(f) an ndeachthas i gcomhairle leis an bhfostaí i ndáil le modh an dáilte, agus

(g) an bhfuil comhaontú ann, cibé acu foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, idir an fostóir agus an fostaí lena ndéantar socrú maidir leis an modh ar a bhfuil séisíní nó aiscí le dáileadh.

(5) (a) Déanfaidh fostóir lena mbaineann an t-alt seo, tráth nach déanaí ná 10 lá ón dáta a dhéantar séisíní nó aiscí a dháileadh, ráiteas i scríbhinn a thabhairt d'fhostaí, nó a chur faoi deara ráiteas i scríbhinn a thabhairt d'fhostaí, ina sonrófar na nithe seo a leanas go soiléir—

(i) méid iomlán na séisíní nó na n-aiscí a dháil an fostóir don tréimhse lena mbaineann an ráiteas, agus

(ii) méid na séisíní nó na n-aiscí a dáileadh ar an bhfostaí dá soláthraítear an ráiteas.

(b) Déanfaidh an fostóir cibé bearta réasúnacha is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an fostóir agus a ghníomhairí nó a gníomhairí, agus aon fhostaithe eile, an ní lena mbaineann an ráiteas faoi mhír (a) agus an ráiteas a choimeád faoi rún.

(6) I gcás go mbeidh earráid nó easnamh i ráiteas faoin alt seo, measfar go gcomhlíonann an ráiteas forálacha an ailt seo má shuitear gur dearmad cléireachais ba chúis leis an earráid nó leis an easnamh nó thairis sin gur de thionóisc agus de mheon macánta a rinneadh an céanna.

(7) Sula mbunóidh fostóir lena mbaineann an t-alt seo a bheartas maidir leis an modh ar a ndéanfar séisíní nó aiscí a dháileadh ar fhostaithe, nó maidir leis an gcaoi ina ndéileálfar le muirir shainordaitheacha, nó sula ndéanfaidh sé athrú ábhartha ar an mbeartas sin, rachaidh sé i gcomhairle leis na fostaithe sin.

(8) Aon fhostóir a sháróidh fo-alt (5)(a), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

**Toirmeasc ar asbhaintí áirithe**

**4C.** Maidir le fostóir lena mbaineann an t-alt seo—

(a) gan dochar do ghinearáltacht alt 5(1), ní dhéanfaidh sé nó sí asbhaint as pá fostaí i leith séisíní nó aiscí a rinneadh le fostaí nó a fágadh d'fhostaí, ná

(b) ní dhéanfaidh sé nó sí asbhaint as séisíní nó as aiscí a bheidh le dáileadh, de réir alt 4B, ar fhostaí, seachas—

(i) de réir mar a cheanglaítear leis an Acht seo nó faoi, le haon reacht eile nó le haon ionstraim arna déanamh faoi aon reacht, nó

(ii) a mhéid is cóir agus is réasúnach chun íoc as costais a eascróidh go díreach as séisíní nó aiscí a íoc trí mhodhanna íoca leictreonacha.

**Mar a dhéileálfar le nithe a thuairiscítear mar mhuirear seirbhíse**

**4D.** (1) I gcás, maidir le fostóir lena mbaineann an t-alt seo—

(a) go dtabharfaidh sé nó sí 'muirear seirbhíse', nó aon téarma den tsamhail chéanna nó aon téarma gaolmhar, cibé acu i bhfógra maidir le séisíní agus aiscí nó in aon mheán eile, mar thuairisc ar mhuirear (lena n-áirítear muirear sainordaitheach) arna fhorchur ar chustaiméir, nó

(b) go ndéanfaidh sé nó sí custaiméirí a mhealladh ar aon bhealach eile chun a chreidiúint go ndáilfear muirear sainordaitheach ar fhostaithe,

déileálfaidh an fostóir leis na híocaíochtaí go léir, cibé acu a dhéantar iad ar mhodh íoca leictreonach nó ar aon bhealach eile, a gheofar ó chustaiméirí de bhun muirear den sórt sin amhail is dá mba shéisín nó aisce a fuarthas ar mhodh íoca leictreonach aon íocaíocht den sórt sin.

(2) Aon fhostóir a sháróidh fo-alt (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

**Fógra maidir le séisíní agus aiscí**

**4E.** (1) De réir rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2), déanfaidh fostóir lena mbaineann an t-alt seo fógra (dá ngairtear 'fógra maidir le séisíní agus aiscí' san Acht seo) a chur ar taispeáint ina luafar—

(a) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar séisíní nó aiscí a dháileadh ar fhostaithe,

(b) i gcás go ndéantar séisíní nó aiscí a dháileadh amhlaidh ar fhostaithe, an modh ar a ndáiltear iad agus na méideanna a dháiltear amhlaidh,

(c) an ndéantar muirir shainordaitheacha, nó aon chuid díobh, a dháileadh ar fhostaithe, agus má dhéantar, an modh ar a ndáiltear iad agus na méideanna a dháiltear amhlaidh, agus

(d) cibé faisnéis eile nó bhreise a fhorordófar faoi fho-alt (2).

(2) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, na nithe seo a leanas a fhorordú, i gcoitinne nó i ndáil le fostóirí áirithe nó le haicmí áirithe fostóirí lena mbaineann an t-alt seo—

(a) sonraí i dtaobh na faisnéise dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (1) agus a bheidh i bhfógra maidir le séisíní agus aiscí,

(b) faisnéis eile nó bhreise a bhaineann le séisíní nó le haiscí, nó le muirir shainordaitheacha, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'fho-alt (1), ar faisnéis í a bheidh i bhfógra maidir le séisíní agus aiscí, agus

(c) an modh ar a ndéanfar, nó na háiteanna áirithe ina ndéanfar (lena n-áirítear ar shuíomh gréasáin nó ar léibheann digiteach eile ar líne arna óstáil ag an bhfostóir, nó ag an áit ghnó ina ngabhann fostaithe dá bhfostaíocht), fógra maidir le séisíní agus aiscí a chur ar taispeáint.

(3) Aon fhostóir a sháróidh fo-alt (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

**Fógra maidir le séisíní agus aiscí — oibrithe ar conradh**

**4F.** (1) De réir rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2), déanfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo fógra (dá ngairtear 'fógra maidir le séisíní agus aiscí i leith oibrí ar conradh' san Acht seo) a chur ar taispeáint ina luafar—

(a) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar séisíní nó aiscí a dháileadh ar oibrithe ar conradh,

(b) i gcás go ndéantar séisíní nó aiscí a dháileadh amhlaidh ar oibrithe ar conradh, an modh ar a ndáiltear iad agus na méideanna a dháiltear amhlaidh,

(c) an ndéantar muirir shainordaitheacha, nó aon chuid díobh, a dháileadh ar oibrithe ar conradh, agus má dhéantar, an modh ar a ndáiltear iad agus na méideanna a dháiltear amhlaidh, agus

(d) cibé faisnéis eile nó bhreise a fhorordófar faoi fho-alt (2).

(2) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, na nithe seo a leanas a fhorordú, i gcoitinne nó i ndáil le daoine áirithe nó le haicmí áirithe duine lena mbaineann an t-alt seo—

(a) sonraí i dtaobh na faisnéise dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (1) agus a bheidh i bhfógra maidir le séisíní agus aiscí i leith oibrí ar conradh,

(b) faisnéis eile nó bhreise a bhaineann le séisíní nó le haiscí, nó le muirir shainordaitheacha, i dteannta na faisnéise dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) d'fho-alt (1), ar faisnéis í a bheidh i bhfógra maidir le séisíní agus aiscí i leith oibrí ar conradh, agus

(c) an modh ar a ndéanfar, nó na háiteanna áirithe ina ndéanfar (lena n-áirítear ar shuíomh gréasáin nó ar léibheann digiteach eile ar líne arna óstáil ag an duine, nó ag an áit ghnó ina ngabhann oibrithe ar

conradh dá gcuid oibre nó ina soláthraíonn siad a seirbhís), fógra maidir le séisíní agus aiscí i leith oibrí ar conradh a chur ar taispeáint.

(3) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

(4) San Acht seo, ciallaíonn 'oibrí ar conradh' duine nádúrtha a ghabhann d'obair seachas mar fhostaí, lena n-áirítear ar chonradh i gcomhair seirbhíse, do dhuine lena mbaineann an t-alt seo.".

**Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 6 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) trí "alt 4C nó 5" a chur in ionad "alt 5",

(b) trí "as pá nó as séisíní nó as aiscí" a chur in ionad "as pá", agus

(c) i mír (a), trí "glanmhéid an phá, nó an tséisín nó na haisce, de réir mar a bheidh" a chur in ionad "glanmhéid an phá".

**Leasú ar an Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994**

**5.** Leasaítear alt 3 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994, i bhfo-alt (1A)—

(a) i mír (e)(ii), trí "oibre;" a chur in ionad "oibre.", agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

"(f) i gcás feidhm a bheith ag ailt 4B go 4E (a mhéid a bheidh siad i ngníomh) den Acht um Íoc Pá, 1991 maidir leis an bhfostóir, beartas an fhostóra i ndáil leis an modh ar a ndéileáiltear le séisíní nó le haiscí agus le muirir shainordaitheacha (de réir bhrí alt 1 den Acht sin).".

**Leasú ar alt 27 d'Acht 2015**

**6.** Leasaítear alt 27 d'Acht 2015 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

"(9) I gcás go bhfeidhmeoidh cigire cumhachtaí faoin alt seo i ndáil le halt 4F den Acht um Íoc Pá, 1991, déanfar tagairtí san alt seo d'fhostóir a léamh mar thagairtí do dhuine lena mbaineann an t-alt sin 4F, déanfar tagairtí san alt seo d'fhostaí a léamh mar thagairtí d'oibrí ar conradh de réir bhrí an Achta sin agus déanfar tagairtí san alt seo d'fhostaíocht daoine a léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairt don chomhbhaint idir daoine den sórt sin agus oibrithe ar conradh den sórt sin.".

**Leasú ar alt 36 d'Acht 2015**

**7.** Leasaítear alt 36 d'Acht 2015, i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) faoi ailt 4(4), 4B(8), 4D(2), 4E(3) agus 4F(3) den Acht um Íoc Pá, 1991,".

**Leasú ar Sceideal 5 a ghabhann le hAcht 2015**

**8.** Leasaítear Acht 2015, i gCuid 1 de Sceideal 5, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 3:

> "3. Ailt 4B(1) agus (2), 4C agus 5 den Acht um Íoc Pá, 1991.".

**Athbhreithniú ar oibriú an Achta**

**9.** (1) Tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an dáta a dhéanfaidh an tAire rialacháin den chéad uair faoi fho-alt (1) nó (2), de réir mar a bheidh, d'alt 4A den Acht um Íoc Pá, 1991, cuirfidh an tAire tús le tuarascáil a ullmhú maidir le hoibriú na leasuithe a dhéantar ar an Acht sin leis an Acht seo.

(2) Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis tús a chur le tuarascáil a ullmhú faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an tAire an tuarascáil a fhoilsiú agus a chur faoi deara cóip den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Le linn dó nó di tuarascáil a ullmhú faoi *fho-alt (1)*, rachaidh an tAire i gcomhairle le cibé Airí eile den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**10.** (1) Féadfar an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 6/23. MM Packaging. (97292). Gr.30-15.

9 781399 306591